Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — I dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas

(COM(2022) 592 final)

(2023/C 228/18)

Rapóirtéir: **Zsolt KÜKEDI**

Comhairliúchán	An Coimisiún Eorpach, 8.2.2023
Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	27.4.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	13.4.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.4.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	578
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	147/0/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is díol mór sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an Teachtaireacht ón gCoimisiún arb é is aidhm di earnáil láidir inbhuanaithe algaí a bhunú san Aontas. Is iomaí bealach atá ann inar féidir le halgaí cuidiú le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus leis an domhan mór daoine, domhan atá ag éirí níos mó fós, a chothú agus fuinneamh a sholáthar dó.

1.2. Níl gach duine san Eoraip ar aon fhocal faoi cheist na n-algaí. Go háirithe sna limistéir sin atá in aice le huiscí truaillithe, meastar gur ábhar imní é leathadh na n-algaí. San am céanna, áfach, meastar go bhféadfadh na halgaí fadhbanna a réiteach i roinnt tíortha, a bhuíochas, i bpáirt, ar nuálaíocht na hEorpa. Maidir le hearnáil algaí a chruthú, tá sé á chur in iúl ag CESE gur gá muinín a chothú sna táirgí agus tuilleadh airde a thabhairt ar a áirithiú go bhfuil siad sábháilte.

1.3. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE nach gcuirtear a dóthain béime sa Teachtaireacht ar a fhéideartha atá sé foinse bia a chruthú i ndálaí fionnuisce. Thairis sin, ní i ndálaí fionnuisce amháin a d'fhéadfadh algaí a bheith ina bhfoinse bia, mar d'fhéadfaidís a bheith ina bhfoinse bia freisin in uisce eotrófaithe, i bhfuíolluisce ó fholcadáin theirmeacha, agus i bhfuíolluisce eile, mar a bhféadfaidís feidhmiú chun críoch comhshaoil nó críoch fuinnimh freisin. Ba cheart an acmhainn ollmhór thearcshaothraithe sin a chur chun tairbhe d'fhorbairt na hEorpa, go háirithe ceantair thuaithe an Aontais.

1.4. D'fhéadfadh na macralgaí atá sna huiscí cósta mara a bheith ina bhfoinsí ioncaim bhreise d'fhiontair iascaireachta. Ach na macralgaí sin a bhaint, laghdódh an t-eotrófú agus d'fhéadfadh sé go nginfí táirgí agus seirbhísí luachmhara san éiceachóras, go háirithe trí ghnáthóga nua a sholáthar do speicis áirithe. Níl earnáil na macralgaí fionnuisce ach tar éis a tosaithe agus ba cheart í a chur san áireamh i ndoiciméid bheartais atá ar na bacáin.

1.5. San Aontas Eorpach, is i mbith-imoibreoir iata a shaothraítear miocralgaí go príomha, rud a dteastaíonn an t-uafás caipitil chuige. Mar sin féin, is cur chuige an-táirgiúil agus an-iontaofa é sin agus tuigtear gur den ardcháilíocht é. Ní féidir miocralgaí a shaothrú ach amháin i bhfionnuiscí agus i lochanna i ndeisceart na hEorpa.

1.6. I roinnt Ballstát nach bhfuil cósta acu, amhail an Ungáir, an tSeicia agus an tSlóvaic, tá an chuma air gurb é tairgeadh miocralgaí an t-aon rogha atá ar fáil dóibh. San am céanna, tá ardleibhéal eolais i réimse na heolaíochta agus i réimse na teicneolaíochta ag roinnt de na tíortha sin agus ba cheart leas a bhaint as an eolas sin agus earnáil algaí na hEorpa á cruthú.

1.7. Baineann féidearthachtaí an-leathan le macralgaí agus le miocralgaí agus tá saintréithe agus impleachtaí éagsúla acu, maille le riachtanais éagsúla maidir le rialú, rud a fhágann nár cheart caitheamh leo ar fad ar an mbealach céanna. Tuigeann CESE go bhfuil cothromaíocht measartha maith idir macralgaí agus miocralgaí sa Teachtaireacht, ach molann sé scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an ghné fionnuisce in earnáil na n-algaí dul chun tairbhe do Bhallstáit áirithe (i.e. iad siúd nach bhfuil cósta acu). Molann CESE cur chuige a ghlacadh atá níos cothroime agus níos comhtháite sna hearnálacha lena mbaineann, dealú soiléir a dhéanamh idir inniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí na mBallstát, agus, más gá, an margadh inmheánach a chosaint ar allmhairí saora.

1.8. Níl an soláthar bia ina fhadhb san Aontas go fóill. Is fadhbanna iad, áfach, infhaighteacht agus praghsanna fuinnimh (ó thaobh a tháirgthe agus a allmhairithe de araon), infhaighteacht agus praghsanna leasachán agus comhábhar beathaithe ainmhithe, i dteannta an mhéadaithe ar an dramhaíl orgánach agus an laghdaithe ar thailte arúla. B'fhiú tacú go mór le teicneolaíochtaí lenar féidir aghaidh a thabhairt i gcoiteann ar na fadhbanna práinneacha sin, táirgeadh agus saothrú algaí ina measc.

1.9. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go n-aithnítear sa Teachtaireacht go mbaineann an-acmhainneacht le halgaí ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de, ach gur mó fós an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena saothrú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí freagairt don éileamh atá ag dul i méid a bhuíochas ar an saothrú sin. Mar sin féin, d'fhéadfaí cistí Eorpacha a úsáid le haghaidh réitigh eacnamaíocha inmharthana inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar éifeachtúlacht eacnamaíoch an táirgthe algaí, agus ar na gnéithe comhshaoil agus sóisialta chomh maith.

1.10. Faoi mar a mhol CESE, ní mór eolas agus feasacht maidir leis an tionscal nua sin a chur chun cinn agus an tionscal á chur ar bun ar mhaithe lena áirithiú go nglacfaidh an tsochaí agus an margadh leis. Chuige sin, tá sé á iarraidh ag CESE ar an gCoimisiún béim ar leith a leagan ar an mbeart atá beartaithe trí bhíthin suirbhéanna ionadaíocha, pleananna gníomhaíochta tírshonracha, agus trí ról a thabhairt d'eagraíochtaí earnála, nó trína gcruthú, fiú.

1.11. Tá CESE ag moladh don Choimisiún Eorpach, do na Ballstáit lena mbaineann agus d'earnáil na n-algaí féin machnamh a dhéanamh ar na moltaí seo a leanas, a mhéid a bhaineann le hearnáil algaí a chruthú:

— táirgeadh algaí a chomhtháthú sna slabhraí luacha atá ann cheana le haghaidh táirgí agraibhia, beathú ainmhithe, agus amhábhair thionsclaíocha agus fuinnimh;

— tuilleadh béime a chur sa Teachtaireacht ar tháirgeadh algaí i bhfionnuisce;

— próiseas maidir le caighdeánú a sheoladh lena gcumhdófar gach cineál alga, lena n-áireofar straitéis chomhtháite a fhorbairt freisin le haghaidh bia mara;

— an ilroinnt sa reachtaíocht a leigheas ar bhonn dea-chleachtais riaracháin agus trí algaí a chuimsiú faoi na sásraí údarúcháin atá ann;

— na speicis éagsúla algaí a áireamh i gcatalóg bianna an Aontais;

— na bearnaí atá ann ó thaobh eolas teicniúil de, agus freisin ó thaobh na teicneolaíochta agus na nuálaíochta de, a dhúnadh trí chlár uaillmhianach chun an taighde gearrthéarmach agus an taighde meántéarmach a mhaoiniú;

— bainc a chur ar bun ina bhfuil ábhair iomadaithe algaí, oibriú na mbanc sin a mhaoiniú agus a áirithiú go bhfuil amhábhair ar fáil ar phraghsanna réasúnta do tháirgeoirí algaí agus do thionscadail taighde agus forbartha;

— scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe eacnamaíocha den phróiseas táirgthe agus ar na húsáidí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn earnáil algaí a chruthú atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de; an margadh inmheánach a chosaint ar allmhairí saora.

1.12. Tá CESE ag iarraidh ar institiúidí an Aontais tosú ag caitheamh le saincheist an uisce mar ábhar tosaíochta agus "Comhaontú Gorm don Eoraip" a fhorbairt chun acmhainní uisce a chaomhnú, a úsáid ar bhealach níos fearr agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leo ar bhonn leormhaith. I ndáil leis sin, is céim thábhachtach é earnáil algaí a chruthú san Aontas.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. An 15 Samhain 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht "*I dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas Eorpach*" ([1]). Moltar sa Teachtaireacht bealaí nua agus inbhuanaithe a fhorbairt chun an domhan mór daoine, domhan atá ag fás go tapa, a chothú agus chun fuinneamh inbhuanaithe a sholáthar dó. Leagtar béim air sa Teachtaireacht nach mór dúinn, má táimid chun slándáil an tsoláthair amhábhar agus fuinnimh a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht algaí mar acmhainn in-athnuaite san Eoraip.

2.2. Tá ciall leis an Teachtaireacht sin ón gCoimisiún Eorpach agus tá sí mar chuid de shraith doiciméad ina n-aithnítear an acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch, chomh maith leis na tairbhí sóisialta agus comhshaoil, a bhaineann le saothrú miocralgaí agus macralgaí ar mhórscála san Aontas. Sainaithnítear 23 ghníomhaíocht inti agus é d'aidhm acu sin: feabhas a chur ar an gcreat rialachais agus ar an reachtaíocht; an timpeallacht ghnó a fheabhsú ó thaobh algaí de; feabhas a chur ar an bhfeasacht shóisialta agus ar an nglacadh atá ag tomhaltóirí le halgaí agus táirgí algaí; chomh maith leis na bearnaí a dhúnadh ó thaobh eolais, taighde, agus teicneolaíochta de.

2.3. Trí bhíthin bheartais na hEorpa, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip ([2]) nó an Straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc" ([3]), tugadh chun léire acmhainneacht na n-algaí (feamainn) agus na dtáirgí eile mara a fuarthas de bhíthin an dobharshaothraithe mar fhoinse ísealcharbóin próitéine le haghaidh bia don duine agus beatha ainmhithe. Sa Teachtaireacht "*Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú AE a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021-2030*" ([4]), cuirtear i bhfáth gur gá díriú ar an saothrú algaí, idir mhacralgaí (feamainn) agus mhiocralgaí araon, chun cabhrú le roinnt cuspóirí de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ina Theachtaireacht maidir le *Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe* ([5]), aithníonn an Coimisiún acmhainneacht na n-algaí le haghaidh an gheilleagair carbóin ghoirm. Déantar tagairt sa Teachtaireacht maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe ([6]) freisin d'acmhainneacht na n-algaí a mhéid a bhainean le córas inbhuanaithe bia agus slándáil an tsoláthair dhomhanda bia a áirithiú.

2.4. Ní hamháin gur amhábhar nach bhfuil díobhálach don chomhshaol iad algaí (agus atá "glas", dá bhrí sin), ach tá a n-úsáid i gcórais feirmeoireachta i gcomhréir le ceann de bhunphrionsabail an gheilleagair ghoirm maidir leis an laghdú is mó is féidir a dhéanamh ar an dramhaíl, rud a fhágann gur féidir leo a bheith "gorm" agus "glas" ag an am céanna.

2.5. Baineann breisluach le saothrú algaí le haghaidh nach mór gach gné den Chomhaontú Glas don Eoraip, mar atá:

— an chosaint aeráide tríd an dícharbónú;

— táirgeadh bithgháis agus bithbhreoslaí le fuinneamh a sholáthar;

— geilleagar ciorclach a bhaint amach trí bhainistiú dramhaíola agus truailliú nialasach;

— córas bia atá sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn;

— na héiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú, chomh maith le seirbhísí comhshaoil a fhorbairt;

— an sprioc maidir le truailliú nialasach.

Ach géarú ar an táirgeadh algaí, d'fhéadfadh na deiseanna nithiúla seo a leanas teacht chun cinn ([7]):

— táirgeadh inbhuanaithe bia (lena n-áirítear bia do naíonáin) nó forbhianna (e.g. vitimíní nó carraigínin), gan gá le talamh arúil a úsáid;

— bithghás agus bithbhreoslaí nua-aimseartha a tháirgeadh;

— táirgeadh cosmaidí, táirgí sláinte (eastóscáin chógaisíochta, líocha, talasaiteiripe) agus amhábhar tionsclaíoch (laíon páipéir/snáithíní bithbhunaithe) a mbaineann breisluach ard leo;

([1]) I dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas, COM(2022) 592 final, an 15 Samhain 2022.

([2]) *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final, an 11 Nollaig 2019 (níl leagan Gaeilge ann).

([3]) *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM(2022) 381 final, an 20 Bealtaine 2020 (níl leagan Gaeilge ann).

([4]) *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú AE a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021-2030], COM(2021) 236 final, an 12 Bealtaine 2021 (níl leagan Gaeilge ann).

([5]) Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, COM(2021) 800 final, an 15 Nollaig 2021.

([6]) *Transforming the EU's Blue Economy for a Sustainable Future* [Geilleagar gorm an Aontais a chlaochlú ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe], COM(2021) 240 final, an 17 Bealtaine 2021 (níl leagan Gaeilge ann).

([7]) Atsauce un citas iespējas: Babich u.c., "*Algae: Study of Edible and Biologically Active Fractions, Their Properties and Applications*", Plants 2022, 11(6), 780; https://doi.org/10.3390/plants11060780, kā arī Poonam Sharma, Nivedita Sharma (2017), "*Industrial and Biotechnological Applications of Algae: A Review*", Journal of Advances in Plant Biology – 1(1):01-25. DOI 10.14302/issn.2638-4469. japb-17-1534, https://openaccesspub.org/article/530/japb-17-1534.pdf

— táirgeadh forbhianna (táirgeacht fheabhsaithe/táirgeacht ar cháilíocht níos fearr, laghdú ar an ngá le min soighe/éisc);

— táirgeadh bithspreagthach (feabhsaitheoirí ithreach, leasachán duilleach);

— sochair chomhshaoil (cóireáil fuíolluisce, tomhas ar cháilíocht an uisce, cuótaí astaíochtaí carbóin).

2.6. Amharctar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "ar acmhainneacht algaí san Aontas agus leagtar amach inti cur chuige comhsheasmhach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sprioctha, chun tacú le méadú ó scála de shaothrú agus de tháirgeadh athghiniúnach algaí ar fud an Aontais, agus chun na margaí le haghaidh feidhmeanna algaí i dtaobh earraí bia agus earraí nach bia iad a fhorbairt agus a phríomhshruthú".

2.7. Le "saothrú agus táirgeadh athghiniúnach algaí", ní hamháin gur féidir an grianfhuinneamh agus a chothaithigh a aistriú ina mbithmhais plandaí agus tacú le hathchóiriú na n-éiceachóras, ach "le saothrú feamainne [is féidir freisin] earraí agus seirbhísí luachmhara éiceachórais a sholáthar, lena n-áirítear gnáthóga nua a sholáthar d'éisc agus do speicis inveirteabracha ghluaisteacha".

2.8. Faoi láthair, bíodh agus gur acmhainn ollmhór iad na farraigí agus na haigéin, ní úsáidtear iad ach an beagán, agus "gan iad ina bhfoinse ach ar suas le 2 % de bhia an chine daonna faoi láthair, in ainneoin go gcumhdaítear os cionn 70 % de dhromchla an Domhain leo". San am céanna, ní hiad na farraigí agus na haigéin an t-aon acmhainn atá ar fáil le haghaidh shaothrú na dtimpeallachtaí uisce, agus d'fhéadfaí féachaint freisin chuig fionnuisce eotrófach (cuir i gcás aibhneacha agus lochanna nó taiscumair de dhéantús an duine, cainéil uiscithe, etc.), fuíolluisce ó fholcadáin theirmeacha, agus fuíolluisce eile.

2.9. Trí bhíthin na n-algaí, d'fhéadfaí maolú a dhéanamh go héifeachtach agus go hinbhuanaithe ar an bhfadhb atá ann maidir le hinfhaighteacht leasachán, comhábhar beathaithe ainmhithe, agus fuinnimh, ar fadhb í sin a d'eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin ([8]).

2.10. Tá acmhainneacht ollmhór fáis ag baint leis an éileamh ar algaí ([9]): cé gurbh ionann an t-éileamh Eorpach ar fheamainn agus thart ar 270 000 tona in 2019, d'fhéadfadh sé méadú go 8 milliún tona faoi 2030, arbh fhiú an méid sin agus EUR 9 mbilliún. Mar thoradh ar an méadú sin, d'fhéadfadh sé go gcruthófaí thart ar 85 000 post, go mbainfí na mílte tona d'fhosfar agus de nítrigin as farraigí na hEorpa gach bliain, go ndéanfaí laghdú chomh mór le 5,4 milliún tona in aghaidh na bliana ar astaíochtaí CO_2, agus go laghdófaí an brú ar úsáid talún. Tugann CESE dá aire gur mó an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint le saothrú algaí ná an t-éileamh atá ann faoi láthair agus, dá bhrí sin, gur féidir cos a choinneáil leis an éileamh atá ag dul i méid a bhuí leis an bpróiseas sin.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Ar an meán, is gnách dearcadh diúltach a bheith ag an ngnáthdhuine san Eoraip agus ag gnólachtaí Eorpacha i dtaobh algaí, is é sin le rá nach samhlaíonn siad ach tránna clúdaithe le feamainn nó lochanna fionnuisce a bhfuil athrú ar dhath an uisce iontu i ngeall ar bhláis algacha. Mar sin féin, an struchtúr fisiciúil agus an modh maireachtála atá ag algaí, fágann sé sin gur orgánaigh bheo uathúla fhiúntacha iad.

3.2. Go deimhin, tagann grúpa de thart ar 72 500 speiceas d'orgánaigh uisceacha fhótaisintéiseacha faoin téarma "algaí" ([10]). Is macralgaí móra ilcheallacha iad 20 % de na speicis sin agus faightear i bhfarraigí de ghnáth iad, agus is miocralgaí iad an chuid eile is féidir a fhás go héifeachtúil i gcórais shaorga agus a bhfuil breis úsáidí acu, bíodh agus go bhfuil sé níos costasaí iad a tháirgeadh. Tá cothromaíocht measartha maith idir macralgaí agus miocralgaí sa tionscnamh, mar go dtáirgtear 36 mhilliún tona de mhacralgaí agus 0,05 milliún tona de mhiocralgaí ar fud an domhain faoi láthair.

3.3. Sa Teachtaireacht, leagtar amach peirspictíochtaí réadúla, dá uaillmhianaí atá siad, le haghaidh earnáil algaí na hEorpa. Tá an anailís ar an earnáil algaí agus ar na féidearthachtaí agus na teorainneacha a bhaineann léi cruinn den chuid is mó, tá an clár comhleanúnach, agus tá an chuma air gur bearta sonracha agus ábhartha iad, a bheag nó a mhór, chun earnáil algaí na hEorpa a fhorbairt sna laethanta beaga amach romhainn. Mar sin féin, caithfear soiléiriú agus míniú breise a dhéanamh ar eilimintí áirithe. Ba cheart an cur chun feidhme a bheith comhsheasmhach leis na hearnálacha eile, amhail earnáil thraidisiúnta an agraibhia agus earnálacha an bhia mara (iascaireacht agus dobharshaothrú ainmhithe).

([8]) Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 23 agus 24 Meitheamh 2022.

([9]) Is meastacháin iad sin a rinne an chomhghuaillíocht Seaweed for Europe sa staidéar *Hidden Champion of the Ocean: Seaweed as a Growth Engine for a Sustainable European Future*.

([10]) Sa staidéar "*How many species of algae are there*?" le Michael D. Guiry, meastar gur ann do 1 mhilliún speiceas algaí. Dar leis an mbunachar sonraí tacsanomaíoch ar líne AlgaeBase, áfach, níl ann ach do 72 500 speiceas. Féach Guiry (2012), https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/27011267/, DOI: 10.1111/j.1529-8817.2012.01222.x.

3.4. Faoi láthair, níl aon bhaint ag an earnáil táirgthe algaí le hearnálacha táirgthe talmhaíochta eile. Mar sin féin, tá sé tábhachtach nach ndéanfaí an earnáil algaí a mheas go hiomlán ar leithligh ó earnálacha eile, ach mar earnáil atá comhtháite sna slabhraí luacha atá ann cheana le haghaidh bia talmhaíochta agus beathú ainmhithe, agus freisin le haghaidh amhábhair thionsclaíocha agus fuinnimh. Tá sé á chur i bhfios go mór ag CESE gur gá táirgeadh algaí agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile a rialáil mar chomhchóras, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— an earnáil gléasraí cumhachta agus an earnáil cóireála fuíolluisce (cóireáil chasta fuíolluisce, aisghabháil dramhtheasa agus aisghabháil CO_2);

— monarchana ina dtáirgtear bithghás talmhaíochta a chomhtháthú le táirgeadh/úsáid algaí (e.g. úsáid sciodair, laghdú ar an éileamh ar thalamh talmhaíochta, úsáid algaí mar chomh-shubstráit chun bithghás a tháirgeadh);

— cuid de na riachtanais beatha próitéine le haghaidh feirmeoireacht beostoic a shásamh (taighde gaolmhar ar chúrsaí cothaithe agus diaitéitice);

— éiceachórais bánuisce eotrófaithe a athchóiriú ar bhealach inbhuanaithe.

3.5. Ós rud é gur earnáil nua thearcfhorbartha í seo, ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh lena forbairt a spreagadh agus ba cheart próiseas caighdeánaithe a sheoladh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí straitéis chomhtháite bia mara agus bianna eile a bhaintear as foinsí uisce eile a fhorbairt lena gcumhdófaí gníomhaíochtaí amhail an iascaireacht, saothrú orgánach fiáin, agus dúshaothrú ainmhithe, agus aghaidh a thabhairt freisin, anuas ar earnáil an bhia, ar shaincheist na mbithbhreoslaí algacha. D'fhéadfadh feirmeoireacht feamainne a bheith ina rogha mhalartach d'iascairí. Is amhlaidh go bhfuil laghdú ar amhábhair eile ag bagairt ar iascairí agus go bhfuil siad thíos le praghsanna atá ag dul i méid, rud a fhágann go bhféadfadh sé go mbeadh orthu a ngníomhaíochtaí traidisiúnta a athrú. Is ar éigean tagairt ar bith don chur chuige comhtháite sin sa Teachtaireacht.

3.6. Tá roinnt de na bearta dá bhforáiltear dírithe go príomha ar an bhfeirmeoireacht amach ón gcósta. Tá ciall leis an gcur chuige sin i bhfianaise na rátaí reatha táirgthe macraglaí agus miocralgaí agus toisc go bhfuil táirgeadh macralgaí tearcfhorbartha go fóill san Eoraip, ba cheart gach cineál alga a chumhdach leis an gcuspóir forbartha. Is féidir feamainn a fhás i dtíortha a bhfuil cósta acu agus ar oileáin, faoi dhálaí nádúrtha de ghnáth, ag brath ar an speiceas agus ar an úsáid a bhaintear as. Ar an taobh eile de sin, níor cheart a ligean i ndearmad go bhfuil tábhacht mhór le saothrú miocralgaí, ar tír a dhéantar é de ghnáth, go háirithe le haghaidh táirgeadh próitéine agus lipidí. Áirítear air sin macralgaí agus miocralgaí fionnuisce agus an saothrú a dhéantar i bhfuíolluisce. Is foinse maith bithmhaise é fuíolluisce a úsáidtear le haghaidh bunábhar orgánach agus chun struchtúr eacnamaíoch na limistéar iargúlta bánaithe a éagsúlú, rud a chuireann leis an bhfís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais ([11]).

3.7. Ar cheann de na constaicí is mó atá ar eolas in earnáil an táirgthe — go háirithe i gcás na macralgaí, ar muir agus ar tír araon —— tá ilroinnt na reachtaíochta maidir le halgaí agus éagsúlacht leathan na reachtaíochta sin idir na Ballstáit agus fiú idir na réigiúin laistigh de na Ballstáit, agus sin más ann don reachtaíocht sin in aon chor. Tá an scéal sin amhlaidh toisc gur le haghaidh ainmhithe uisceacha (éisc, sliogéisc, etc.) a dheartar na sásraí údarúcháin de ghnáth. Is minic nach n-áirítear algaí ar na foirmeacha a úsáidtear le haghaidh nósanna imeachta na sásraí údarúcháin agus, mar sin, níltear in ann údarú le haghaidh saothrú algaí a iarraidh fiú. Molann CESE forléargas iomlán uile-Eorpach a chur le chéile ar an reachtaíocht trí chéile agus ar na nósanna imeachta riaracháin uile i ndáil le gach céim den saothrú algaí agus le gach réimse feidhme a bhaineann leo, mar shampla bia don duine, beatha ainmhithe, bithbhreoslaí, cosmaidí, táirgí cógaisíochta, etc. Molann sé freisin sampla a dhéanamh den fhorléargas sin chun go bhforbródh na Ballstáit dea-chleachtais riaracháin agus chun go mbeadh cothrom iomaíochta ann don trádáil laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach.

3.8. D'fhonn earnáil bia algaí fíor-Eorpach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach go spreagfaí cuimsiú speiceas nó grúpaí algaí i gcatalóg bianna an Aontais. Cuid mhaith de na speicis atá aitheanta faoi láthair, is ó áiteanna taobh amuigh den Eoraip iad (ón Áise go háirithe) agus cruthaíonn sé sin fadhbanna go mór mór do chuideachtaí agus d'infheisteoirí beaga ar mian leo speicis Eorpacha a bhfuil gaol acu leis na speicis Áiseacha nó atá cosúil leo a fhás. Chuige sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na codanna den chatalóg bianna a bhaineann le halgaí agus cuimsiú speiceas nó géineas nua sna codanna sin a chur chun cinn.

([11]) COM(2021)345 *A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (níl leagan Gaeilge ann) agus NAT/839 IO C 290, 29.7.2022, lch. 137.

3.9. Ceal eolais, tá col glactha ag an tsochaí le halgaí, cé nach bhfuil bunús leis sin. Dá bharr sin, ba cheart eolas agus feasacht maidir leis an tionscal nua sin a chothú ar gach leibhéal riaracháin, agus maidir lena chomhtháthú agus a fheidhmeanna córasacha chomh maith. Ba cheart an sprioc sin a léiriú sna bearta atá beartaithe. Ar mhaithe leis sin a dhéanamh, d'fhéadfaí na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

— suirbhéanna aonfhoirmeacha a bheadh ionadaíoch ar an leibhéal náisiúnta, i measc an phobail i gcoitinne agus i measc na ngnólachtaí, ina mbeadh ceisteanna agus modheolaíocht aonchineálach;

— ar an mbonn sin, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt i ngach tír chun iompraíocht daoine a fheabhsú;

— eagraíochtaí earnála a chruthú.

3.10. Ós rud é gur earnáil nua don Eoraip í an earnáil algaí, tá bearnaí suntasacha ann ó thaobh eolas gairmiúil, teicneolaíochta agus nuálaíochta de. Sainaithníodh mórán bearnaí eolais, ach is gá anois aghaidh a thabhairt orthu trí chlár uaillmhianach chun taighde gearrthéarmach agus meántéarmach a mhaoiniú. Chun na bearnaí sin a dhúnadh, tá taighde bunúsach (straitéiseach) agus taighde feidhmeach araon ríthábhachtach ar gach leibhéal den saothrú algaí:

— ba ghá tacú leis an taighde bunúsach mar ábhar tosaíochta. Ó thaobh miocralgaí de, baineann an cineál taighde seo go príomha le teicneolaíocht an tsaothraithe. Ó thaobh macralgaí de, baineann an taighde seo go príomha le héifeacht bhaint na n-algaí agus le staidéir ar an réimse speiceas sna huiscí mara i dtíortha éagsúla. Áirítear ar an taighde sin freisin na húsáidí uile a bhaineann le gach speiceas algaí;

— an timpeallacht mhargaidh a fheabhsú le haghaidh forbairtí feidhmeacha a mbaineann luach breise ard leo (táirgí cógaisíochta, cosmaidí, leasachán duilleach, bia).

3.11. Ní féidir cáilíocht iontaofa (an réimse speiceas) ná ardtáirgeacht algaí a bhaint amach ach amháin i gcórais dhúnta nó leathdhúnta. Is córais iad sin a dteastaíonn ábhar glan iomadaithe chucu agus ní bhíonn brabús le déanamh orthu i gcórais thionsclaíocha. Ina fhianaise sin uile, is gá líon leordhóthanach banc ina bhfuil ábhar iomadaithe a chur ar bun le haghaidh algaí, oibriú na mbanc sin a mhaoiniú agus a áirithiú go bhfuil amhábhair ar fáil ar phraghsanna réasúnta do tháirgeoirí algaí agus do thionscadail taighde agus forbartha.

3.12. Tá acmhainn shuntasach san earnáil algaí chun poist a chruthú, poist a mbeadh pá maith le déanamh astu agus dálaí oibre cuibhiúla ag gabháil leo. Ba cheart go mbeadh tairbhí ann don earnáil algaí go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na hinniúlachtaí a thógáil atá de dhíth chun Comhaontú Gorm don Eoraip a chruthú; tá tábhacht le hinfheistíochtaí san oiliúint chuige sin. Níor cheart bacainní a bheith ann ar theacht isteach FBManna sa timpeallacht ghnó sin. Is díol sásaimh do CESE na slabhraí táirgeachta feamainne a cruthaíodh nach mbaineann cleachtais éagóracha leo.

3.13. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó ar mhaithe le fás éifeachtúil na hearnála algaí. Ba cheart scrúdú cúramach a dhéanamh ar na gnéithe eacnamaíocha den phróiseas táirgthe agus ar na húsáidí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann, agus freisin ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar na gnéithe sin. Mar shampla, baineann gníomhaíocht uimh. 7 le beatha de bhunús algaí a úsáid in ionad beatha de bhunús éisc le haghaidh ainmhithe (sa dobharshaothrú). Maidir le beatha le haghaidh iasc, tá sé éasca comhábhair de bhunús algaí (próitéiní, aigéid shailleacha, etc.) a chur in ionad beagnach gach comhábhar de bhunús éisc, ach tá sé i bhfad níos costasaí iad a tháirgeadh ná táirgí de bhunús éisc nó soighe a bhfuil tréithe comhchosúla acu. Ós rud é, i gcás táirgeoirí éisc, go bhfuil an bheatha le haghaidh iasc ar cheann de na príomhchostais táirgthe a bhíonn orthu agus nach mórán de chorrlach brabúis a bhíonn acu, ní hacmhainn dóibh beatha de bhunús algaí a cheannach, agus sin a bhfuil de. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a phleanáil chun costais táirgthe na gcomhábhar de bhunús algaí a laghdú agus féachaint chuige nach mbeadh riachtanais níos déine faireacháin agus caighdeánaithe ann le haghaidh algaí ná mar a bhíonn ann le haghaidh táirgí talmhaíochta eile. Ba cheart caitheamh go cothrom le gach táirgeoir bia (agus comhábhair bia) d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú ar an margadh. Má chruthaítear go bhfuil comhábhair de bhunús algaí níos inbhuanaithe, d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann a n-úsáid a nascadh le deimhniúchán comhshaoil (éicilipéad), rud a d'fhéadfadh tomhaltóirí a spreagadh praghas níos airde a íoc ar tháirge níos inbhuanaithe.

An Bhruiséil, an 27 Aibreán 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE